An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# Cáilíocht na beatha sa Chróit, in Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine agus sa Tuirc

## Achoimre fheidhmeach

### Réamhrá

Sa tuarascáil seo, cuirtear anailís chuimsitheach agus torthaí a bhaineann le beartas i láthair maidir le cáilíocht na beatha i dtrí thír is iarrthóir AE: an Chróit, Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine agus an Tuirc (an CC3).

Tá na torthaí bunaithe ar an Dara Suirbhé Eorpach ar Cháilíocht na Beatha de chuid Eurofound (EQLS 2007). Déantar anailís ar cháilíocht na beatha i réimsí éagsúla sóisialta, bunaithe ar tháscairí oibiachtúla agus suibiachtúla araon. Díríonn an tuarascáil ar staid mheabhairbhraite eacnamaíoch de chuid teaghlach, ar shaol an teaghlaigh, ar thithíocht agus comhshaol áitiúil, ar shláinte agus rochtain ar sheirbhísí sláinte, ar cháilíocht mheabhairbhraite na sochaí, agus ar fholláine shuibiachtúil, mar aon le idirghaolta idir na tosca seo. Agus imscrúdú mionsonraithe á dhéanamh ar na réimsí seo agus comparáid á dhéanamh idir ghrúpaí sóisialta laistigh de agus idir na tíortha, cuireann an tuarascáil faisnéis riachtanach ar fáil d'fhonn cúlraí na dtíortha a thuiscint agus le haghaidh pleanála beartais amach anseo.

### Comhthéacs beartais

Tá próifílí agus pleananna forbartha difriúla ag na tíortha is iarrthóirí, ach tá athchóirithe réamhaontachais ar bun acu go léir, trína gcuireann siad le cruthú an réimse um ábhair imní choiteanna bheartais agus rialacha coiteanna a roinntear le Ballstáit an AE.

Sainaithníonn an straitéis 'Eoraip 2020' tosaíochtaí le haghaidh fáis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh. Cuireann sé creat ar fáil freisin do thíortha is iarrthóirí lena gcuid iarrachtaí athchóirithe féin a dhaingniú. Cabhraíonn taighde ar shaincheisteanna na cáilíochta beatha le measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo na gcuspóirí sin. Is féidir le roinnt de na spriocanna uaillmhianacha i ndáil le cuimsiú sa lucht oibre, pobail a shábháil ó bhochtaineacht agus leathnú an oideachais dúshlán a chruthú do tíortha seo maidir lena gcomhlíonadh. Tugann an tuarascáil seo roinnt moltaí maidir le cár chóir na hiarrachtaí sin a dhíriú.

Tá difríochtaí ann idir na sean-Bhallstáit agus na Ballstáit nua agus na tíortha is iarrthóirí maidir le cáilíocht na beatha agus infreastruchtúr leasa shóisialta, agus is dúshlán é sin ó thaobh cúlraí tíortha a thuiscint, dul i ngleic le cás na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste sa tsochaí, agus teacht ar mhodhanna éifeachtúla le comhtháthú a fheabhsú san Eoraip. Maidir leis sin, cuireann an tuarascáil ionchur ar fáil chun smaoineamh ar an gcóras atá ann chun táscairí a mhonatóiriú agus a bhailiú thar thíortha.

### Príomhthátail

Tá an sásamh foriomlán saoil sna tíortha a imscrúdaíodh níos ísle ná mar atá i 27 Ballstát an AE (EU27), agus baineann seo le mbochtaineacht den chuid is mó. Baineann ioncam neamhleor agus díothacht ábhartha leis na daoine sin atá gan mórán oideachais, nach bhfuil sa mhargadh fostaíochta agus atá ina gcónaí i gceantair tuaithe. Baineann réimsí ilchineálacha d'eisiamh sóisialta le hioncam neamhleor, drochdhálaí oibre agus neamhshláine post, le heaspa seirbhísí cúraim agus drochshláinte.

Tá impleachtaí ag réim an gheilleagair neamhfhoirmiúil, atá difriúil ó thír go tír, do cháilíocht na beatha toisc go dtuairiscíonn daoine nach bhfuil i bhfostaíocht fhoirmiúil níos mó míbhuntáistí ná daoine le poist – ó thaobh sláinte, folláine, díothachta ábharaí agus cáilíochta tithíochta de.

D'ainneoin an ráta ard úinéireachta tí sna tíortha, is tromualach iad na costais tithíochta go háirithe do dhaoine in Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine agus sa Tuirc. Go minic bíonn an stoc fisiciúil tithíochta neamhleor mar nach féidir le húinéirí íoc chun é a chothabháil ná a fheabhsú. Bíonn daoine a chónaíonn i gceantair uirbeacha níos imníche freisin faoi fhadhbanna leis an gcomhshaol áitiúil.

Tá teaghlaigh an-tábhachtach sna tíortha is iarrthóirí ó thaobh folláine suibiachtúla de mar aon le foinse tacaíochta. Baineann seo le struchtúir thraidisiúnta teaghlaigh go háirithe, cé go bhfuil siad ag athrú, go háirithe sa Chróit. Fós féin, tá baint níos lú ag fir le

tascanna tí ná mná agus tá níos lú baint acu ná fir san AE27.

Tá neamh-chomhionannas inscne suntasach le tabhairt faoi deara, agus tuairiscíonn mná níos mó míbhuntáistí ná fir. Tá rannpháirtíocht na mban sa lucht saothair íseal go ginearálta agus de ghnáth baineann uaireanta fada agus droch-chothromaíocht oibre is saol le poist (na bhfear agus na mban). Thuairiscigh tuairim is 45% de mhná sa trí thír (i gcomparáid le 35% san AE27) go mbíonn siad bainteach le bheith ag tabhairt aire do leanaí agus á gcur faoi oiliúint go laethúil. Ag díriú ar mhná le leanaí amháin, tá an líon a mbíonn baint laethúil acu níos airde arís sa CC3 – 53% sa Chróit agus in Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine agus 59% sa Tuirc (45% san AE27).

Tá an tacaíocht neamhfhoirmiúil shóisialta an-tábhachtach don sásamh ginearálta saoil i ngach tír, rud a thugann le tuiscint go bhféadfadh sí feidhmiú mar ionadaí d'institiúidí leasa atá le fáil in áiteanna eile den Eoraip.

Tá rátaí míchothroma ag na tíortha is iarrthóirí i ndáil le faomhadh do sheirbhísí poiblí agus muinín in institiúidí. Níl muinín ag an gCróit ná ag Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine in institiúidí agus seans go mbeidh orthu dul i ngleic le saincheisteanna trédhearcachta, ach tá níos mó muiníne ag daoine sa Tuirc sna príomhinstitiúidí polaitiúla agus sóisialta ná meán an AE27.

## Leideanna beartais

- Os rud é gur saincheist mhór í an rannpháirtíocht íseal sa mhargadh fostaíochta, tá sé tábhachtach beartais a chruthú chun an fhostaíocht a mhéadú, ní hamháin le díriú ar na daoine sin atá cláraithe go hoifigiúil mar dhífhostaithe, ach ar dhaoine óga nach bhfuil lucht saothair go fóill agus ar mhná.

- Is saincheist mhór sa trí thír í cuimsiú na mban a chinntiú chun dul i ngleic le bochtaineacht teaghlaigh agus forbairt shóisialta trí rochtain ar oideachas, ar oiliúint agus ar fhostaíocht. D'fhonn cothromaíocht oibre is saol a fheabhsú, seans go mbeidh gá freisin le clúdach maith críche, mar aon le seirbhísí cúraim ardchaighdeáin agus ar phraghas réasúnta do leanaí agus do dhaoine aosta.

- Dá bhféadfaí níos mó oibre a thabhairt isteach san earnáil fhoirmiúil ón earnáil neamhfhoirmiúil, chumasófaí clúdach slándála sóisialta níos fearr agus ghinfí ioncaim don rialtas. Ba chóir go dtabharfaí tús áite d'fhadhbanna na ndaoine sin atá ar chonarthaí gearrthéarma nó gan aon chonradh ná ranníocaíochtaí slándála sóisialta a réiteach, go háirithe sa Tuirc.

- Ba chóir go ndíreodh beartais chuimsithe sóisialta ar ghrúpaí leochaileacha atá thíos le bochtaineacht agus le díothacht. Ba chóir go ndíreofaí iarrachtaí ar dhaoine aosta go ginearálta agus ar dhaoine óga sa Tuirc, ar cheantair tuaithe, orthu siúd le leibhéal íseal oideachais agus ar mhná freisin. D'fhéadfaí feabhas a chur ar chuimsiú sóisialta na ndaoine aosta trí chumhdach na gcóras pinseaan poiblí a mhéadú agus ioncam pinsean leordhóthanach a chinntiú.

- Ar aon dul le beartas an AE, tá gá le breis infheistíochtaí san oideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil chun cuimsiú sa mhargadh fostaíochta a mhéadú agus daoine a shábháil ó bhochtaineacht. Léiríonn forbairtí náisiúnta go bhfuil éileamh ar ardoideachas, go háirithe sa Tuirc agus in Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine. Tá fadhbanna rialúcháin tagtha chun cinn, áfach, mar gheall ar fhairsingiú tapa an ardoideachais in Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine, agus caithfear dul i ngleic leo.

- Ba chóir go ndíreodh beartais tithíochta ar thithíocht inacmhainne ar chaighdeán leordhóthanach a chur ar fáil do ghrúpaí ar ioncam íseal. Bheadh raon beart de dhíth chun cóiríocht ar chaighdeán íseal a uasghrádú. Ba chóir go gcabhródh beartais sa bhreis le neamhréir spásúlachta agus stoc neamhleor tithíochta a shárú.

- Maidir leis an tionchar mór comhshaoil ar shláinte, ba chóir go neartófaí beartais chun cáilíocht chomhshaoil na gcomharsanachtaí a fheabhsú, go háirithe i gceantair uirbeacha.

- Tá sé an-tábhachtach go ndéanfaí leasú ar chaiteachas sna seirbhísí sláinte trí infheistiú a dhéanamh i gcláir choiscthe bainteach le sláinte agus trí dhifríochtaí réigiúnacha a laghdú sa soláthar seirbhíse. Ba chóir go ndíreofaí ar fheabhas a chur ar staid sláinte dhaoine aosta, go háirithe sa Chróit agus in Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine, agus ar staid na mban le drochshláinte agus le tinneas ainsealach sa Tuirc. Tá tograí maidir le folláine intinne a fheabhsú do dhaoine le tinneas ainsealach nó faoi mhíchumas de dhíth sa trí thír.

- Ba chóir go ndéanfaí forbairt ar sholáthar leasa agus ar sheirbhísí poiblí mar chúiteamh don tacaíocht nach bhfuil ar fáil níos mó b'fhéidir tríd an teaghlach. Is féidir le cur chun cinn na rannpháirtíochta sóisialta agus polaitiúla, lena n-áirítear tacaíocht an AE d'eagraíochtaí sochaí sibhialta, cabhrú chun meicníochtaí nua um chomhtháthú sochaíoch a chruthú.

**Tuilleadh faisnéise**

Tá an tuarascáil EQLS, *Cáilíocht na beatha sa Chróit, in Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine agus sa Tuirc* [Quality of life in Croatia, the former Yugoslav Republic of Macedonia and Turkey], ar fáil ar líne ag http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef1136.htm
Tá tuarascáil forbhreathnaithe an EQLS agus anailís thánaisteach bhreise ar shonraí an tsuirbhé ar fáil ar láithreán gréasáin Eurofound ag: http://www.eurofound.europa.eu/areas/qualityoflife/eqls/

Tadas Leončikas, Bainisteoir Taighde
tle@eurofound.europa.eu